

Síolta a Chur go díreach – Arbhar Oidhreachta

Tráth Bliana

Márta agus Aibreán nó
Meán Fómhair / Deireadh Fómhair.

An bhaint le gnéithe éagsúla den churaclam

OSIE:

Tíreolaíocht/Stair:

Teangacha:

Ealaín:

An Curaclam Neamhfhoirmeálta:

Cuspóir

Arbhar gránach a fhás ón síol.

Dúile Beo, Feasacht agus cúram imshaoil, iniúchadh, taighde.

Stair na talmhaíochta, arbhar an domhain.

Focail nua/litriú/litearthacha.

Comharthaí a dhéanamh/líniúocht/grianghraif/daoine a dhéanamh as tuí.

Discover Primary Science.



1

Na hacmhainní is gá

Síolta gránach orgánacha, ceapach glasraí ullmhaithe, píicí / sluaiste, múirín saor ó ábhar móna nó múirín a rinneadh sa scoil, cannaí uisce agus uisce, liáin láimhe, miotóga, ábhar eangaigh (dhéanfadh seanchuirteíní nó eangach a cheannófaí d'aon ghnó), lipéid, pinn, ceamara.

2

Samplaí den ghrán a d'fhéadfai a shaothrú:

- Cruithneacht
- speilt (cruithneacht ársa)
- coirce
- eorna
- ros lín
- seagal.

3

Treoir ghinearálta maidir leis an gcúraíocht

- 20g in aghaidh an mhéadair chearnaigh.

An bealach le grán a chur:

- Glantar aon fhiaílí a bheadh sa cheapach.
- Cuirtear uisce ar an gceapach má tá sé tirim.
- Má tá síolta éagsúla á gcur, marcáiltear réimsí éagsúla den cheapach.
- Scaiptear an grán go flúirseach.
- De rogha air sin, is féidir druileanna beaga a chóiriú i ngar dá chéile agus an grán a chur ina rónna.
- Clúdaítear na síolta d'obair láimhe nó le raca más réimse níos mó ná sin atá i gceist.
- Déantar comharthaí ar a luaitear cineál na síolta a cuireadh agus an dáta.
- Clúdaítear iad leis an eangach.
- Is féidir freisin seanCDanna a chrochadh ó phollaí d'fhonn éin a scanrú.
- Cuirtear an obair ar clár i ndialann an gharraí.



Fás faoi bhia agus ghairneoireacht na hÉireann

Bord Bia
Irish Food Board

Garraíodóireacht Orgánach sa Bhunscoil
Síolta a Chur go díreach – Arbhar Oidhreachta

Síolta a Chur go díreach – Arbhar Oidhreachta ar lean.

4

An chaoi a mbaintear an barr

- Taispeántear don rang an chaoi a mbaintear nó a ngearrtar na cinn gráin agus a mbailtear i ngabhdán iad.
- Is féidir an tuí fuílligh a ghlanadh as an gceapach. D'fhéadfaí é a chur mar mhóta le biabhóg nó plandaí eile.
- Tugtar cáitheadh ar na cinn ghráin trína cinn ghráin a chuimilt idir na lámha os cionn bráilín nó gabhdáin.
- Sábháiltear roinnt de na síolta i ngabhdán tirim d'fhonn a gcur an bhliain dar gcionn.
- Tharlódh, dá bhfanfaí go mbeadh laethanta saoire an tsamhraidh thart, go mbeadh an grán leagtha ag an ngaoth. Más féidir é, baintear an barr i mí Lúnasa agus stóráiltear bunoscionn i mála é in áit thirim. Is féidir leis na páistí an chuid eile den obair a dhéanamh i mí Meán Fómhair.

5

Tionscadail Taighde

Matamaitic – déanadh na páistí meastachán faoin achar talún is gá le builín aráin a dhéanamh.

Tíreolaíocht – Cén grán a chuirtear i dtíortha éagsúla agus cén chúis atá leis sin?

An Oidhreacht Áitiúil – An bhfuil grán á shaothrú ag aon fheirmeoir sa cheantar? Cén úsáid a bhíonn acu as? D'fhéadfadh go bhfuil seandéis meilte i músaeim oidhreachta sa cheantar nó i músaeim an chontae. Tugtar cuireadh dóibh teacht chuig an scoil agus taispeáint do na páistí an chaoi a ndéantar plúd den ghrán.

Ealaín/Cumarsáid – déantar ábhar taispeántais don gharraí nó do chlár fógraí na scoileanna glasa.

Bia Sláintiúil – Sa chás go mbaintear dóthain gránach, bÁCáiltear builín aráin. Sa chás go bhfástar ros lín – sábháiltear na cinn ghráin & triomaítear sa rang iad. BÁCáiltear arán agus cuirtear roinnt síolta san arán.

Focail nua le fiosrú:

OIDHREACTH

SCAIPÉADH

CÁITHEADH

An aire a thugtar don bharr

- Seiceáiltear go rialta go bhfeictear cén uair a phéacann siad.
- Cuirtear uisce ar na síolta má bhíonn gá leis sin.
 - Nuair a thosaíonn siad ag fás, crochtar an eangach (le saileach nó bambú nó maidí) d'fhonn an chosaint a choinneáil.
- Tugtar an eangach chun bealaigh nuair a bhíonn airde 5-6cm sna plandaí.
- Coinnítear glan ó fhiailí iad agus breathnaítear agus cláraítear an ráta fáis.

Fás faoi bhia agus ghairneoireacht na hÉireann

Bord Bia
Irish Food Board

Garraíodóireacht Orgánach sa Bhunscoil
Síolta a Chur go díreach – Arbhar Oidhreachta